

Bliain in Inis Mór: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- An maith leat a bheith ag labhairt na Gaeilge? Cén fáth?
- An bhfuil áiteanna ar leith ann ina mbaineann tú úsáid as do chuid Gaeilge?
- An gcothaíonn an Gaeloideachas (Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí) suíomh maith chun an Ghaeilge a chur chun cinn, dar leat?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

scileanna labhartha	→	identity
an Ghaeilge		minority languages
teangacha iasachta		speaking skills
mionteangacha		foreign languages
cur amú airgid		a waste of money
féiniúlacht		Irish
mionteanga		minority language
ábhar éigeantach		a compulsory subject

C Líon na bearnaí.

1. Is éard is _____ ann ná teanga a labhraíonn mionlach i ndaonra ar bith.
2. Tá _____ ar cheann de na teangacha is ársa san Eoraip.
3. Cuirtear an-bhéim ar fhoghlaim na d _____ ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta in Éirinn.
4. Ba bhreá liom feabhas a chur ar mo chuid _____ sa Ghaeilge agus sa Fhraincis.
5. Is cuid lárnach dár bh _____ náisiúnta í an Ghaeilge.
6. Is _____ atá sa mhéid a chaithtear ar cháipéisíocht as Gaeilge, i mo thuairimse.
7. Is _____ iad an Ghaeilge, Gaeilge na hAlban agus an Bhreatnais.
8. Níor chóir go mbeadh _____ ar bith ann don Ardteist.

*Bliain in Inis Mór: Mír a hAon***A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Cén fhad atá Inis Mór ó chósta na Gaillimhe?**

- cúig mhíle
- naoi míle
- céad míle

2. Cé mhéad duine atá ina gcónaí ar an oileán?


- naoi gcéad
- míle
- trí mhíle

3. Céard é an rud speisialta faoin oileán?

- Is é Inis Mór an t-oileán is mó daonra amach ó chósta na hÉireann
- Is é Inis Mór an áit den Eoraip is faide siar san Aigéan Atlantach
- Is é Inis Mór an t-oileán is mó san Eoraip
- Cén fhad atá Inis Mór ó chósta na Gaillimhe?

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Cén chanúint Ghaeilge a bhfuil luí agat léi?
- Ar chaith tú am ar bith sa Ghaeltacht riamh?
- Ar mhaith leat am a chaitheamh sa Ghaeltacht amach anseo?





A

Freagair na ceisteanna.

1. Céard é an rud atá nuathógtha ar an oileán?

- mainistir
- monarcha
- mionmhargadh

2. Cé mhéad mionnán atá ag na gabhair?

- leathchéad
- céad
- cúpla céad

3. Céard a thug Údarás na Gaeltachta do Gabriel?

- deontas airgid
- eolas maidir le cúrsaí gnó
- spás tógála

4. Cén fáth a bhfuil Gabriel le cúntar a chur sa monarcha?

- le bainne agus im a phacáil
- le spás riaracháin a chruthú
- le rudaí beaga a dhíol

B

Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Tá cúrsaí fostaíochta ar cheann de na dúshláin is mó sna ceantair Ghaeltachta. Cén tionchar atá aige seo ar mheath na Gaeilge sna ceantair seo, dar leat?
- Céard atá i ndán don Ghaeilge agus do na Gaeltachtaí, dar leat?
- An ndearna tú iarracht riamh Gaeilge a úsáid ar feadh lae? An bhfuil sé sin indéanta, dar leat?

Nótaí



A

Freagair na ceisteanna.

1. Cén tslí bheatha atá ag Dara?

- Is sagart ceilteach agus manach é
- Is Garda é
- Is comhairleoir gnó é

2. Cén bhliain a tháinig sé go hInis Mór?

- cúig bliana ó shin
- 1985
- anuraidh

3. Cén fhadhb a bhí aige i dtosach?

- Níor thuig daoine a chuid Gaeilge
- Bhí eagla ar dhaoine roimhe
- Ní raibh áit le fanacht aige

4. Cén dá rud a d'athraigh a shaol do Dhara? [dhá rud]

- a mháthair
- a athair
- a chlann
- seimineár ar an gCeilteachas
- thosaigh sé ag tairiscint searmanais Cheilteacha

5. Cé mhéad bainis nó searmanas a cheiliúránn Dara gach bliain?

- thart ar deich gcinn
- os cionn céad
- beagnach dhá chéad

6. Cén fáth a bhfuil Teampall Chiaráin speisialta, dar le Dara?

- tá sé i gcroílár Dhún Aonghusa
- tá sé le feiceáil ón móirthír
- tá sé aon mhíle, aon chéad bliain d'aois

D

Díospóireacht ranga.

Ullmhaigh píosa cainte i bhfabhar nó i gcoinne an rúin thíos le do ghrúpa do dhíospóireacht ranga.

Tá sé tábhachtach saol na Gaeltachta a chaomhnú ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge.